


An tEarrach



Tá an tEarrach ann anois. Tá duilleoga ag fás ar na crainn. Tá bláthanna ag fás sa ghairdín. **Feicim an plúirín sneachta, an sabhaircín, an crócas agus lus an chromchinn.** Tá féar ag fás sa pháirc. Tá na héin ag tógáil a neadacha ar na crainn. Tá na huain óga ag súgradh sna páirceanna. Tá an feirmeoir ag cur prátaí.

Foclóir:

plúirín sneachta, snowdrop
sabhaircín, primrose
lus an chromchinn, daffodil

A. Líon isteach na bearnaí:

an tEar—ach, duil—eoga, blá—hanna, cr—cas, plú—rín s—eachta,
ag tóg—il, feir—eoir.

B. Líon isteach na bearnaí:

1. Tá duilleoga ag fás ar — —.
2. Tá — ag fás sa ghairdín.
3. Tá na héin ag tógáil — — ar na crainn.
4. Tá na huain óga — — sna páirceanna.
5. Tá an — ag cur prátaí.

C. Déan abairtí díobh seo:

1. anois, an tEarrach, ann, tá.
2. sa ghairdín, bláthanna, tá, ag fás.
3. prátaí, ag cur, an feirmeoir, tá.
4. duilleoga, tá, ar na crainn, ag fás.

D. Freagair na ceisteanna:

1. Cad atá ag fás ar na crainn?
2. Cá bhfuil na bláthanna ag fás?
3. Céard iad na bláthanna atá ag fás sa ghairdín?
4. Cé atá ag tógáil neadacha?
5. Cá bhfuil na huain óga ag súgradh?

Gramadach 19

(i) Foghlaim:	Feicim	Feicimid
	Feiceann tú	Feiceann sibh
	Feiceann sé	Feiceann siad
	Feiceann sí	

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Gach lá téann Úna amach sa pháirc agus feiceann sí bláthanna ag fás.

1. Gach lá téimid amach sa pháirc agus — na bláthanna ag fás.
2. Gach lá téann an feirmeoir amach sa pháirc agus — na bláthanna ag fás.
3. Gach lá téim amach sa pháirc agus — na bláthanna ag fás.

- (ii) **Foghlaim:** Bhí — Ní raibh
Tá — Níl

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Inné bhí na huain óga ag súgradh sna páirceanna.

1. Inné bhí sé ag cur báistí. Ní — na huain óga ag súgradh sna páirceanna.
2. Anois tá sé ag cur báistí. — na huain óga ag súgradh sna páirceanna.
3. Inné — mé ar scoil.
4. Inniu tá mé tinn. — mé ar scoil.